



Príomhdhualgais
agus Príomhchumhachtaí

Stiúrthóirí Cuideachta

faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement



Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

Stiúrthóirí Cuideachta

faoi Acht na gCuideachtaí



Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil.

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo.

An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
18 Meán Fómhair 2018



Clár an Ábhair

1.0 Réamhrá	5
2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta	6
2.1 Cad is Stiúrthóir Cuideachta ann?	6
2.2 Cáilíochtaí is Gá chun Feidhmiú mar Stiúrthóir Cuideachta	6
2.3 Cineálacha Stiúrthóirí Cuideachta	7
• Cúlstiúrthóirí	7
• Stiúrthóirí De Facto	7
• Stiúrthóirí Malartacha	7
• Bainisteoirí Stiúrtha	7
• Stiúrthóirí Feidhmiúcháin	8
• Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin	8
2.4 A bhfuil de Dhualgas agus de Fhreagracht ar Stiúrthóirí	8
2.5 Dualgais Mhuiníneacha Stiúrthóirí	8
2.6 Dualgais Stiúrthóirí faoin Reachtaíocht	10
2.6.1 Dualgais mar Oifigeach Cuideachta	10
2.6.2 Dualgas Taifid Cuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád	10
2.6.3 Dualgas Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú (Cuntais Bhliantúla)	11
2.6.4 An rud a chiallaíonn “Léargas Fíorcheart”	13
2.6.5 An dualgas ráitis airgeadais reachtúla a chur á n-iniúchadh	13
2.6.6 Dualgas ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamh-Airgeadais a Dhíspreagadh	14
2.6.7 Dualgas Cláir Áirithe agus Doiciméid Eile a Choimeád	14
2.6.8 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhadú le Cláraitheoir na gCuideachtaí	14
2.6.9 Dualgas maidir le Nochtadh	15
2.6.10 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól	16
• Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)	16
• Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU)	16
2.6.11 Idirbhearta substaintiúla neamhairgid a bhaineann le stiúrthóirí	16
2.6.12 Iasachtaí le daoine bainteacha	17
• Dlíteanas Pearsanta	18
• Cion	18
2.6.13 Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú agus Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha	18
• Dualgas Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha	18
• Dualgas Stiúrthóirí Cuideachta a bhfuil Foirceannadh Deonach á dhéanamh uirthi	19
• Foirceannadh Deonach Comhaltaí	19
• Foirceannadh Deonach Creidiúnaithe	19
2.7 Cumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta	20



3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí	21
3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla	21
• Pionóis arna bhforchur ag Cúirt	21
3.2 Pionóis Shibhialta	22
• Dícháiliúchán	22
• Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa	22
• Gealltanais Dícháiliúcháin	23
• Srianadh	23
• Gealltanais maidir le Srianadh	23
• Cuideachta a bhaint den Chlár	24
Aguisín A Stiúrthóir Cuideachta a Cheapadh agus a Chur as Oifig agus Gnóthaí Gaolmhara	25
Stiúrthóir a Cheapadh	25
Stiúrthóir a Chur as Oifig	25
Luach Saothair an Stiúrthóra	25
An Coinníoll go mbeadh Cónaí ar Stiúrthóir Amháin sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)	26
Teorainn le Líon Stiúrthóireachtaí	26
Aguisín B Srianadh agus Dícháiliúchán maidir le Stiúrthóirí Cuideachta	27
Réamhrá	27
Stiúrthóir a Shrianadh	27
Gealltanais maidir le Srianadh	27
Dlíteanas Pearsanta	28
Neamhfheidhm Fhorálacha Áirithe maidir le Cuideachta le Duine faoi Shrianadh	28
Faoiseamh ó Shrianadh	28
Ní chuirfear duine faoi shrianadh	28
An Cion maidir le hOrdú Srianata a Shárú	28
Stiúrthóir a Dhícháiliú	28
An Cion maidir le hOrdú Dícháiliúcháin a Shárú	29
Dícháiliú sa Ghnáthchúrsa	29
Ordú Dícháiliúcháin Lánroghnach	29
Gealltanais maidir le Dícháiliúchán	30
Faoiseamh ó Dhícháiliúchán	30
Toradh Sibhialta ar Fheidhmiú le linn bheith faoi Shrianadh nó Dícháilithe	30
Clár na nDaoine Srianata agus Clár na nDaoine Dícháilithe	30



1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014. Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eisióinn an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórtábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá ceithre athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta

Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta

Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta

Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairsealbhóirí

Leabhrán Eolais 5 – An tIníúcháir

Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí

Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigte.

Measann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúrthóir go dtuigfí go soiléir nach léiriú dlíthiúil ar na forálacha ábhartha atá sa treoir seo. Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasáochta de réir mar is cuí.

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
18 Meán Fómhair 2018



2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta

2.1 Cad is Stiúrthóir Cuideachta ann?

Is duine an stiúrthóir cuideachta a cheapann comhaltaí cuideachta (go hiondúil) chun an chuideachta a bhainistiú agus a rith thar a gceann. Níl aon bhrí faoi leith leis an téarma “stiúrthóir” ach tugtar sainmhíniú mar seo a leanas air faoi Alt 2(1) Acht na gCuideachtaí: ‘stiúrthóir’ “aon duine atá i seilbh phost an stiúrthóra cibé ainm a thugtar air”. Dá réir sin, ní ar a theideal amháin a shonraítear stiúrthóir ach ar an bhfeidhm den chuid is mó, rud atá ag brath ar chineál na cuideachta.

Is é príomhfheidhm a leagtar ar na stiúrthóirí gnó na cuideachta a bhainistiú¹ thar ceann na gcomhaltaí.

Tá na rialacha inmheánacha maidir le rialachas corparáide agus dualgais oifigigh na cuideachta códaithe anois in Acht na gCuideachtaí faoi Chuid 4 agus Cuid 5. Fágann sin nach gá do chuideachta Airteagail mhionsonraithe a bheith sa bhunreacht aici. Ina ainneoin sin, sa chás go nglacann cuideachta leis na hairteagail chaighdeánacha gan eisiamh ná leasú ar na forálacha roghnacha de réir mar a leagtar amach iad sna codanna sin, tá feidhm leis na forálacha go léir sna hairteagail chaighdeánacha, na forálacha roghnacha san áireamh, maidir leis an gcuideachta agus leis na stiúrthóirí nuair bhaineann le hábhar.

Leagtar amach na príomhforálacha reachtaíochta maidir le stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí faoi Chuid 4 in altanna 128 go dtí 167 agus faoi Chuid 5 in altanna 219 go dtí 255.

Ba cheart do gach duine a bhfuil beartaithe aige nó aici a bheith ina stiúrthóir cuideachta eolas a chur, ar a gceapadh nó sula gceptar iad, ar na freagrachtaí agus na dualgais a ghabhann leis an bpost faoin dlí.

2.2 Cáilíochtaí is gá chun feidhmiú mar Stiúrthóir Cuideachta

Níl aon cháilíochtaí foirmeálta ag teastáil ó dhuine chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta. Éilítear faoi Acht na gCuideachtaí go mbeadh ar a laghad aon stiúrthóir amháin² ar chuideachta. Ina ainneoin sin, tá ceangal faoin dlí ar an gcuid is mó de na cuideachtaí seachas an TEO³ ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith orthu. Sa chuid is mó de na cásanna, ní gá go mbeadh stiúrthóir ar chomhaltaí (scairshealbhóirí) na cuideachta mura n-éilítear sin faoi bhunreacht na cuideachta féin.

Cáilitheacht

Sular féidir duine a cheapadh ina stiúrthóir ar chuideachta, ní mór don chuideachta intofacht an té sin maidir le post stiúrthóra a chinntiú. Tá daoine áirithe nach féidir a cheapadh in oifig stiúrthóir cuideachta, mar shampla:

- comhlacht corpraithe⁴ nó comhlacht neamhchorpraithe daoine;
- duine atá faoi bhun 18 bliana d’aois⁵;
- féimheach neamhurscaoilte⁶;

¹ Alt 158 Acht na gCuideachtaí.

² Alt 128 Acht na gCuideachtaí.

³ Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna. Maidir le breis eolais faoi na cineálacha éagsúla cuideachtaí, féach Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta.

⁴ Alt 130 Acht na gCuideachtaí.

⁵ Alt 131 Acht na gCuideachtaí.

⁶ Alt 132 Acht na gCuideachtaí.



- iniúchóir reachtúil na cuideachta;
- duine atá dícháilithe ag na Cúirteanna ó fheidmiú mar stiúrthóir.

Anuas air sin, sa chás go bhfuil duine faoin shrianadh maidir le feidmiú ina stiúrthóir, ní mór don chuideachta coinníollacha áirithe maidir le cúrsaí caipitil a shásamh sular féidir leis an té sin feidmiú ar an gcaoi sin. Pléitear go mion le dícháiliúcháin agus le srianadh in Aguisín B leis an leabhrán seo.

2.3 Cineálacha Stiúrthóirí Cuideachta

Seo a leanas aicmí éagsúla stiúrthóirí cuideachta faoin dlí.

Cúlstiúrthóirí⁷

Is ‘cúlstiúrthóir’ duine ar bith, seachas comhairleoir gairmiúil, ar iondúil le stiúrthóirí na cuideachta déanamh de réir a gcuid treoracha. Meastar, chun críche Chuid 5 an Achta gur stiúrthóir de chuid na cuideachta ‘cúlstiúrthóir’⁸. Chomh maith leis sin, faoi alt 231, leagtar de dhualgas breise ar chúlstiúrthóirí aon leas atá acusan nó ag duine a bhaineann leo i gconradh leis an gcuideachta, cibé go díreach nó go hindíreach, a chur in iúl trí scríobh chuig na stiúrthóirí ina leith. Baineann cuid mhór de na freagrachtaí a leagtar ar stiúrthóir faoin dlí le ‘cúlstiúrthóir’ chomh maith céanna.

Stiúrthóirí De Facto⁹

Is ‘stiúrthóir de facto’ duine atá i bpost stiúrthóra ar chuideachta cé nach ndearnadh a cheapadh go foirmeálta nó atá dícháilithe ach a dtarlaíonn dáiríre i bpost stiúrthóra é agus é ag feidmiú mar a bheadh sé ina stiúrthóir. Meastar duine mar sin, ainneoin gan é ceaptha go foirmeálta, ina stiúrthóir de chuid na cuideachta chun críche alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí.

Stiúrthóirí Malartacha¹⁰

Is féidir le stiúrthóir cuideachta aon stiúrthóir eile de chuid na cuideachta a cheapadh ina stiúrthóir malartach nó, le haontú thromlach na stiúrthóirí, aon duine ar bith eile a cheapadh ina stiúrthóir malartach. Is trí fhógra i scríbhinn, a thugann stiúrthóir a cheaptha don chuideachta, a thugtar feidhm d’aon cheapachán mar “stiúrthóir malartach”. Is féidir leis an stiúrthóir a rinne an ceapadh, nó le tromlach na stiúrthóirí nó leis an gcuideachta le linn cruinniú ginearálta deireadh a chur leis an gceapachán tráth ar bith.

Bainisteoirí Stiúrtha¹¹

Is féidir le stiúrthóirí cuideachta ó am go chéile duine acu féin a cheapadh in oifig an bhainisteora stiúrtha ar feadh tréimhse ar bith agus de réir théarmaí ar bith maidir le luach saothair agus eile is cuí leo, agus, faoi réir théarmaí aon chomhaontú a cheanglaítear in aon chás áirithe ar bith, deireadh a chur le ceapachán den sórt sin. Is féidir leis na stiúrthóirí cumhacht ar bith is féidir leo féin a oibriú a leagan ar an mbainisteoir stiúrtha de réir théarmaí agus choinníollacha agus shrianta is cuí leo.

Chomh maith leis na haicmí stiúrthóirí faoin dlí a leagtar amach thuas, bíonn téarmaí eile in úsáid i gcúrsaí gnó chun cur síos ar stiúrthóirí cuideachta. Déantar i gcúrsaí oibre stiúrthóirí cuideachta a rangú ina ‘stiúrthóirí feidhmiúcháin’ nó ina ‘stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin’. Is den tábhacht ina dhiaidh sin féin a thabhairt chun aire nach aicmí iad sin a dtugtar sainmhíniú orthu faoi Acht na gCuideachtaí, ach gur idirdhealú atá i gceist a dhéantar i ndáil leis an sárchleachtas maidir le rialachas corparáide. Is í an fhreagracht chéanna a leagtar ar dhuine faoi Acht na gCuideachtaí gan bheann ar an té sin a bheith ina stiúrthóir feidhmiúcháin nó ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin.

⁷ Alt 221 Acht na gCuideachtaí.

⁸ Acht na gCuideachtaí Part 5 – Dualgais Stiúrthóirí agus Oifigeach eile.

⁹ Alt 222 Acht na gCuideachtaí.

¹⁰ Alt 165 Acht na gCuideachtaí.

¹¹ Alt 159 Acht na gCuideachtaí.



Stiúrthóirí Feidhmiúcháin

Is stiúrthóirí na stiúrthóirí feidhmiúcháin a bhfuil baint acu le bainistíocht na cuideachta ó lá go lá. Ó tharla go mbíonn baint ag na daoine seo le bainistíocht na cuideachta, tharlódh teideal faoi leith orthu taobh istigh den chuideachta, mar shampla, bainisteoir stiúrtha, stiúrthóir airgeadais, stiúrthóir margaíochta, etc.

Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

Ní bhíonn baint ag stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin le bainistíocht na cuideachta ó lá go lá agus is ón taobh amuigh den chuideachta a cheaptar iad. Is é cúis a bhíonn le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheapadh go mbíonn dearcadh agus tuairim neamhspleách ar an mbord dá mbarr de bhrí nach mbíonn baint acu le bainistíocht na cuideachta ó lá go lá.

2.4 A bhfuil de Dhualgas agus de Fhreagracht ar Stiúrthóirí

Leagtar réimse forleathan iléagsúil cúraimí ar stiúrthóirí cuideachtaí. Eascaíonn a leagtar de dhualgas orthu ó dhá phríomhfhoinse: an reachtaíocht (i.e. Achtanna an Oireachtais agus réimsí eile reachtaíochta e.g. Rialacháin de chuid an AE) agus an dlí coiteann. Ar a cheapadh nó a ceapadh, déanann stiúrthóirí toiliú leis an gceapachán síníonn sé/sí ráiteas a deireann:

“Admhaím go bhfuil dualgais agus oibleagáidí orm faoin dlí, i mo stiúrthóir dom, a fhorchuirtear faoi Acht na gCuideachtaí, reachtaíocht eile agus faoin dlí coiteann”¹²

Ó tharla gur cuideachtaí príobháideacha mórchuid mhór na gcuideachtaí in Éirinn, tá líon mór cuideachtaí ann inar ionann stiúrthóirí agus comhaltaí na cuideachta. I gcásanna den sórt sin, is féidir amhras áirithe maidir le hidirdhealú idir maoin na cuideachta agus maoin an stiúrthóra/chomhalta féin agus go mbeadh stiúrthóirí ag caitheamh le maoin cuideachta ar nós go mba leo féin í.

Tá caidreamh speisialta idir stiúrthóir cuideachta agus an chuideachta a bhfuil an stiúrthóir ina oifigeach dá cuid. Tugtar caidreamh ‘muiníne’ ar an gcaidreamh sin agus deirtear gur ‘muiníneach’ an stiúrthóir. Tá dlíte ar mhuinínigh feidhmiú ar bhealach atá fóirsteanach don oifig agus tús áite a thabhairt do leas na cuideachta seachas dá leas féin. D’fhéadfadh gur ábhar iontais do dhaoine go leor gur i leith na cuideachta ar an gcéad dul síos a leagtar de dhualgas ar an stiúrthóir agus nach i leith na gcomhaltaí, na gcreidiúnaithe ná fhostaithe na cuideachta. Ina ainneoin sin, sa chás go nglacann stiúrthóirí go sainráite dualgas orthu féin i leith na scairshealbhóirí, d’fhéadfaidís a bheith i gcaidreamh muiníne leosan agus faoi oibleagáid mhuiníneach acu. D’fhéadfadh gur amhlaidh an cás go háirithe maidir le cuideachta bheag phríobháideach mar gur minic le scairshealbhóirí ina leithéid sin de chás a bheith ag féachaint le comhairle a fháil ó stiúrthóirí.

Sa chás go mbíonn cuideachta dócmhainneach¹³ (i.e. nach acmhainn dí a cuid fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlíte), tá dualgas ar an stiúrthóir i leith chreidiúnaithe na cuideachta (i.e. na daoine a bhfuil airgead dlíte dóibh ón gcuideachta).

Tá de dhualgas ar stiúrthóirí freisin aird a bheith acu ar leas fhostaithe na cuideachta. Ní féidir, ina dhiaidh sin, leis na fhostaithe féin forfheidhmiú a dhéanamh maidir leis an dualgas sin mar gur i leith na cuideachta atá an dualgas ar stiúrthóir.

2.5 Dualgais Mhuiníneacha Stiúrthóirí¹⁴

Tá dualgais mhuiníneacha an stiúrthóra bunaithe ar rialacha áirithe faoin dlí coiteann agus ar phrionsabail cothromais faoina bhfuil dlíte don chuideachta ó na stiúrthóirí. Is don chuideachta agus don chuideachta amháin atá na príomhdhualgais mhuiníneacha atá ar stiúrthóirí dlíte¹⁵.

¹² Alt 223 Acht na gCuideachtaí.

¹³ Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴ Alt 227 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵ Alt 227(1) Acht na gCuideachtaí.



Is iad na dualgais mhuiníneacha is mó a leagtar ar an stiúrthóir cuideachta¹⁶:

- feidhmiú de mheon macánta ar mhaithe lena measann an stiúrthóir a bheith chun leas na cuideachta;
- feidhmiú go cneasta agus go cúramach i ndáil le gnóthaí na cuideachta;
- feidhmiú i gcomhréir le bunreacht na cuideachta agus gan a chuid nó a cuid cumhachtaí a oibriú ach amháin chun na críocha sin a cheadaítear faoin dlí;
- gan tairbhe ná úsáid a bhaint as maoin, eolas nó deiseanna na cuideachta chun a leasa féin nó chun leas duine eile mura gceadaítear sin faoi bhunreacht na cuideachta nó mura ritear rún ag cruinniú ginearálta;
- gan aontú srian a chur le cumhacht an stiúrthóra breithiúnas a fheidhmiú go neamhspleách mura gceadaítear sin go sainráite faoi bhunreacht na cuideachta;
- aon choinbhleacht a sheachaint idir dualgais an stiúrthóra i leith na cuideachta agus leasa eile de chuid an stiúrthóra mura dtugtar faoiseamh don stiúrthóir ón dualgas i leith na cuideachta i ndáil leis an ábhar atá i gceist;
- an cúram, an scil agus an dúthracht a oibriú mar stiúrthóir a mbeadh súil leis ó dhuine sa phost céanna agus le heolas agus taithí den chineál céanna. Is féidir stiúrthóir a chur faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas a thagann de thoradh ar iompar faillíoch de chuid an stiúrthóra;
- is féidir le stiúrthóir cuideachta a cheapann nó a ainmníonn comhalta atá i dteideal sin a dhéanamh faoi bhunreacht na cuideachta nó faoi chomhaontú scairshealbhóirí aird a thabhairt ar leas an chomhalta áirithe sin de chuid na cuideachta.¹⁷

Beidh stiúrthóir cuideachta a sháraíonn na dualgais mhuiníneacha atá air nó uirthi agus a mbíonn tairbhe nó brabach aige nó aici ó mhaoin, fhaisnéis nó dheiseanna na cuideachta chun a leas féin nó chun leas duine eile faoi dhliteanas cuntas a thabhairt don chuideachta i ndáil le haon ghnóthachtáil agus/nó an chuideachta a shlánú in aghaidh aon chaillteanas nó damáiste a eascraíonn ón sárú sin¹⁸.

Is i leith na cuideachta agus i leith na cuideachta amháin an dualgas muiníneach atá ar an stiúrthóir¹⁹. Ní bheidh aon sárú ar dhualgas muiníneach a dhéanann stiúrthóir ina chur isteach as féin ar bhailíocht aon chonradh ná idirghabháil eile ná ar infheidhme aon chonradh den sórt sin. Tá dualgais mhuiníneacha an stiúrthóra bunaithe ar rialacha agus ar phrionsabail cothromais áirithe faoin dlí coiteann de réir mar a bhaineann le stiúrthóir agus is féidir iad a chur i bhfeidhm trí na cúirteanna. Tá de chumhacht ag cúirt ina n-éistear imeachtaí den sórt sin, ar na cúinsí ar fad agus an míghníomh a rinneadh a thabhairt ar aird, faoiseamh a thabhairt, go hiomlán nó i bpáirt, don oifigeach atá i gceist leo²⁰.

Tá, go ginearálta, de cheart ag stiúrthóir dualgais a tharmligean ar oifigh eile de chuid na cuideachta (e.g. lucht bainistíochta na cuideachta) sa chás gur féidir dualgais den sórt sin le bonn cirt a fhágáil faoi oifigh den sórt sin, leis an aird chuí ar airteagail comhlachais na cuideachta agus ar chineál an ghnó. Ba cheart do stiúrthóir, cé nach bhfuil de cheangal air nó uirthi aird a thabhairt go leanúnach ar gnóthaí na cuideachta, freastal ar chruinnithe i gcásanna ina bhfuil ar a chumas nó ar a cumas le bonn réasúin sin a dhéanamh.

Sa chás go mbaineann stiúrthóir mí-úsáid as cumhachtaí, bíonn aon bheart a dhéantar neamhbhailí ach is féidir a dhaingniú tráth is faide anonn ag cruinniú ginearálta de chomhaltaí na cuideachta.

¹⁶ Alt 228 Acht na gCuideachtaí.

¹⁷ Alt 228 (3) & (4) Acht na gCuideachtaí.

¹⁸ Alt 232 Acht na gCuideachtaí.

¹⁹ Alt 227 Acht na gCuideachtaí.

²⁰ Alt 233 Acht na gCuideachtaí.



2.6 Dualgais Stiúrthóirí faoin Reachtaíocht

Eascraíonn na dualgais reachtúla atá ar Stiúrthóirí as Acht na gCuideachtaí agus reachtaíocht eile atá gaolmhar leis sin e.g. Rialacháin de chuid an AE etc. Is faoi na príomhdhualgais a leagtar ar stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí amháin an treoir ghinearálta a thugtar sa roinn seo.

2.6.1 Dualgais mar Oifigeach Cuideachta

Tá de dhualgas ar gach stiúrthóir cuideachta a chinntiú go gcomhlíonann an cuideachta Acht na gCuideachtaí²¹. Tá oifigeach ag mainneachtain mura gcomhlíonann sé nó sí an dualgas atá orthu mar oifigigh cuideachta nó má údaraíonn nó má cheadaíonn sé nó sí do mhainneachtain tarlú²². Tagann san áireamh le mainneachtain diúltú rud a dhéanamh nó foráil de chuid Acht na gCuideachtaí a shárú.

Sa chás go ndéanann stiúrthóir, i gcomhlíonadh airbheartaithe fhoráil ar bith d'Acht na gCuideachtaí, ceist a fhreagairt, míniú a thabhairt, ráiteas a thabhairt nó tuairisceán, tuarascáil, deimhniú, clár comhardaithe nó doiciméad eile a líonadh, a shíniú, a chur ar fáil, a lóisteáil nó a sheachadadh atá bréagach i bponc ábhartha, agus gur eol don stiúrthóir go bhfuil sé bréagach, nó atá meargánta, tá an tAcht á shárú ag an stiúrthóir agus tá sé/sí ciontach i gcion d'aicme 2.^{23 24}

Sa chás go ndéanann oifigeach cuideachta díothú, lot nó falsú ar aon leabhar nó doiciméad a fhearann ar mhaoín nó cúrsaí, nó a bhaineann le maoín nó cúrsaí, na cuideachta nó go mbítear ionpháirteach ina ndíothú, ina lot nó ina bhfalsú, nó go ndéanann oifigeach cuideachta taifead bréagach in aon doiciméad den sórt sin, tá Acht na gCuideachtaí á shárú agus tá an t-oifigeach sin ciontach i gcion d'aicme 2²⁵.

Sa chás go ndéanann oifigeach cuideachta go calaoiseach aon leabhar nó doiciméad a fhearann ar mhaoín nó cúrsaí, nó a bhaineann le maoín nó cúrsaí, na cuideachta a ligean uaidh nó a athrú nó aon ní a fhágáil ar lár as nó a bheith ionpháirteach in aon leabhar nó doiciméad den sórt sin a ligean uaidh go calaoiseach, a athrú go calaoiseach nó in aon ní a fhágáil ar lár as go calaoiseach, tá Acht na gCuideachtaí á shárú ag an oifigeach sin agus an t-oifigeach ciontach i gcion d'aicme 2²⁶.

2.6.2 An Dualgas Taifid Cuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád²⁷

Tá dlite ar gach cuideachta taifid cuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád nó a thabhairt go gcoimeádtar iad. Is cion coiriúil ag aon stiúrthóir cuideachta mainneachtain gach beart réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go sásaítear an coinníoll seo.

Is iad na taifid cuntasaíochta atá leordhóthanach na taifid:

- ina bhfuil tuairisc chruinn agus míniú ar idirbhearta uile na cuideachta;
- a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, riocht airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a dheimhniú go réasúnta cruinn;
- a fhágann gur féidir le stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go bhfuil aon ráitis airgeadais de chuid na cuideachta is gá a ullmhú ag teacht le hAcht na gCuideachtaí, agus nuair is infheidhme sin, le hAirteagal 4 den Rialachán CIC²⁸; agus
- a fhágann gur féidir ráitis airgeadais na cuideachta, arna n-ullmhú dá réir sin, a iniúchadh mar is ceart.

²¹ Alt 223 Acht na gCuideachtaí.

²² Alt 270 Acht na gCuideachtaí.

²³ Alt 876 Acht na gCuideachtaí.

²⁴ Féach Roinn 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí.

²⁵ Alt 877 Acht na gCuideachtaí.

²⁶ Alt 878 Acht na gCuideachtaí.

²⁷ Alt 281 Acht na gCuideachtaí.

²⁸ Ciallaíonn "Rialachán CIC" Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 agus baineann Airteagal 4 le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna.



Ní mór na taifid cuntasáochta a choinneáil ar bhonn seasta leanúnach, eadhon, ní mór iontrálacha a dhéanamh go tráthúil agus iad a bheith comhleanúnach ó thréimhse go chéile. Sa chás nach le hiontráil i leabhar ceangailte a choinnítear taifid, ní mór réamhchúram leordhóthanach a dhéanamh chun góchumadh a chosc agus chun cuidiú le góchumadh dá shórt a thabhairt chun suntais, sa chás go dtarlódh a leithéid²⁹. Ní mór taifead ar na nithe seo a leanas sna taifid cuntasáochta a choimeádtar:

- iontrálacha ó lá go lá maidir le gach suim airgid a fhaigheann agus a chaitheann an cuideachta agus leis na nithe ar ina leith a tharlaíonn an fáltas agus an caiteachas;
- taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta;
- sa chás go mbíonn trádáil earraí (i.e. stoc) i gceist le gnó na cuideachta:
 - taifead ar na hearraí uile a cheannaítear agus a dhíoltar (ach amháin na hearraí sin a dhíoltar ar airgead tirim trí ghnáth-thrádáil miondíolacháin) lena mbíonn tuairisc ar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí atá sách mion agus gur féidir na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí a shonrú agus taifead ar gach sonrasc a bhaineann le bearta ceannacháin agus díolacháin den sórt sin, agus;
 - ráiteas faoin stoc atá ar lámh ag an gcuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus na taifid ar fad maidir le stocáireamh ar a mbunaítear ráitis den chineál sin;
- sa chás go mbíonn soláthar nó ceannach seirbhísí i gceist le gnó na cuideachta, taifead ar na seirbhísí a sholáthraítear nó a cheannaítear, an té dár soláthraíodh nó ónar ceannaíodh (mura ndearnadh a soláthar nó a gceannach trí ghnáth-thrádáil miondíolacháin) agus gach sonrasc a bhaineann leis sin.

Ba chóir na taifid cuntasáochta a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta nó in áit eile a mheasann na stiúrthóirí a bheith oiriúnach chuige sin³⁰.

Sa chás nach acmhainn do chuideachta atá á foirceannadh a cuid fiach a ghlanadh agus gur sáraíodh aon cheann de na haltanna 281 go dtí 285 in Acht na gCuideachtaí (i.e. an coinníoll taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád) agus gurb é breith na Cúirte go raibh baint ag an sárú sin leis an gcuideachta a bheith sa chaoi agus nach acmhainn di na fiacha ar fad a íoc, nó gur tharla dá thoradh cuid mhór éiginnteachta faoi shócmhainní agus dhliteanais na cuideachta nó gur chuir sé isteach go mór ar an bhfoirceannadh, is féidir leis an gcúirt, má mheastar gur chóir sin a dhéanamh, a chinneadh go bhfuil oifigigh agus iar-oifigigh de chuid na cuideachta faoi dhliteanas pearsanta, gan aon teorainn leis an dliteanas³¹, maidir le hiomlán fhiacha agus dhliteanais eile na cuideachta, nó aon sciar den iomlán a shonraítear.

2.6.3 Dualgas Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú³² (Cuntais Bhliantúla)

Tá ceangailte ar stiúrthóirí cuideachta ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais. Déantar na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú arna mbunú ar an eolas atá i dtaifid cuntasáochta na cuideachta agus ar eolas ábhartha eile. Ní ceart do na stiúrthóirí ráitis airgeadais cuideachta a aontú mura mbíonn siad cinnte go dtugtar léargas fíorchruinn iontu (féach thíos) ar na sócmhainní, ar na dliteanais agus ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana. Is iondúil go mbíonn na gnéithe seo a leanas, roinnt acu a éilítear faoin dlí agus roinnt eile a éilítear faoi na caighdeáin cuntasáochta, mar chuid de na ráitis airgeadais (ar a dtugtar cuntais na cuideachta uaireanta chomh maith):

²⁹ Alt 282(2) Acht na gCuideachtaí.

³⁰ Alt 283 Acht na gCuideachtaí.

³¹ Alt 609 Acht na gCuideachtaí.

³² Altanna 290 – 295 Acht na gCuideachtaí.



- Cuntas brabúis agus cailteanais: is ráiteas seo faoi ghnóthachtáil na cuideachta ina léirítear an teacht isteach, costais, gnóthachan agus cailteanas a thuill agus a d'fhulaing an cuideachta i rith na tréimhse faoi chaibidil arna lua ar bhealach lena sásaítear an córas tuairiscíochta airgeadais atá glactha chuici féin ag an gcuideachta;
- Clár comhardaithe: ráiteas faoi shócmhainní, faoi dhliteanais agus faoi staid airgeadais na cuideachta arna leagan amach ag dáta áirithe ionas go dtugtar léargas ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas na cuideachta an tráth sin;
- Ráiteas faoi shreabhadh airgid: ráiteas faoin sreabhadh airgid isteach agus amach as an gcuideachta i rith tréimhse áirithe ama. Ní éilítear ráiteas faoin sreabhadh airgid faoin dlí ach éilítear faoi chaighdeán cuntasáochta. Ní bhíonn sé de dhith i gcás cuideachtaí 'beaga'. Leagtar amach na critéir a bhaineann le cuideachta a mheas mar chuideachta 'bheag' in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta;
- Polasaithe cuntasáochta: Tá ceangailte ar chuideachta na polasaithe cuntasáochta³³ ar ghlac an cuideachta leo maidir leis na míreanna agus na suimeanna a luaíff sa chuntas brabúis agus cailteanais agus ar an gclár comhardaithe a lua sna nótaí leis na ráitis airgeadais;
- Nótaí leis na ráitis airgeadais: tugtar eolas níos mine iontu seo maidir leis na figiúirí a luaitear sa chuntas brabúis agus cailteanais, ar an gclár comhardaithe nó sa ráiteas faoi shreabhadh airgid e.g. anailís maidir le sócmhainní seasta agus dímhéas, anailís maidir le creidiúnaithe etc.;
- Tuarascáil na stiúrthóirí: Tá dlite ar stiúrthóirí cuideachta tuarascáil³⁴ a ullmhú do na comhaltaí gach bliain airgeadais. Ní mór do bhord na stiúrthóirí tuarascáil na stiúrthóirí a aontú agus an tuarascáil a bheith sínithe ag beirt stiúrthóirí nó, sa chás nach ann ach don aon stiúrthóir amháin, ag an stiúrthóir sin. Ba chóir go bpléif sa tuarascáil le cúrsaí ginearálta na cuideachta, le hathbhreithniú ar chúrsaí gnó, le heolas faoi éadail nó diúscairt scaireanna agus le heolas ábhartha maidir le cúrsaí iniúchóireachta. Tá dlite plé le ceisteanna áirithe sa tuarascáil, eadhon:
 - Cúrsaí ginearálta tuarascáil na Stiúrthóirí³⁵ lena n-áirítear;
 - ainmneacha na stiúrthóirí i rith na bliana airgeadais, príomhbheartaíocht na cuideachta, ráiteas maidir leis an gcomhlíontas i ndáil le taifid cuntasáochta a choimeád agus leis an ionad ina gcoinnítear na taifid sin agus leis na suimeanna a íocadh, sa chás gur íocadh, mar dhíbhinní eatramhacha nó mar dhíbhinní críochnaitheacha;
 - sonraí faoi aon eachtra thábhachtach a bhí ina chur isteach ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana airgeadais, bearta, má rinneadh bearta, maidir le taighde agus forbairt, tagairt do bhraintí atá ar bun taobh amuigh den stát agus tuairisc ar aon deonachán polaitíochta;
 - cuntas ar an úsáid as ionstraimí airgeadais ag an gcuideachta agus go háirithe ar na haidhmeanna agus na polasaithe maidir le bainistíocht riosca airgeadais lena n-áirítear an polasaí i ndáil le fálú a dhéanamh ar idirbhearta réamhthuartha agus nochtadh na cuideachta i ndáil le príocal praghsanna, príocal creidmheasa, príocal leachtachta agus príocal sreabhadh airgid.
 - Athbhreithniú ar an ngnó i dtuarascáil na Stiúrthóirí³⁶:
 - beidh mar chuid de thuarascáil na stiúrthóirí athbhreithniú cóir ar ghnó na cuideachta, agus cuntas ar na príomhghnéithe baoil agus éiginnteachta atá roimh an gcuideachta;
 - ba chóir an t-athbhreithniú a bheith ina anailís chothrom chuimsitheach ar ghnóthachtáil an ghnó agus ar na sócmhainní agus na dliteanais agus ar stádas airgeadais na cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais, ag teacht le méid agus castacht an ghnó.

³³ Alt 321 Acht na gCuideachtaí.

³⁴ Alt 325 Acht na gCuideachtaí.

³⁵ Alt 326 Acht na gCuideachtaí.

³⁶ Alt 327 Acht na gCuideachtaí.



- ba cheart go dtabharfaí liosta sa tuarascáil de na scaireanna agus na bintiúir atá i seilbh na stiúrthóirí agus aon éadail nó diúscairt a rinne stiúrthóirí ar scaireanna nó ar bhintiúir i rith na bliana.

Ráiteas na Stiúrthóirí faoi fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta³⁷;

- beidh mar chuid de thuarascáil na stiúrthóirí ráiteas sa chéill nach bhfuil, chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí, aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an eolas mar gheall uirthi; agus
- go bhfuil gach beart is gá déanta ag na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir reachtúil na cuideachta ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta ar an gcuideachta.

2.6.4 An rud a chiallaíonn “léargas fíorcheart”

Ciallaíonn tagairt in Acht na gCuideachtaí do “léargas fíorcheart” i ndáil le ráitis airgeadais³⁸:

- i gcás eintiteas agus ráitis airgeadais faoi Acht na gCuideachtaí, go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta amháin i gcás eintitis³⁹ agus leis an gcuideachta agus a cuid foghnóthais i gcás ráitis airgeadais ghrúpa⁴⁰;
- i gcás eintiteas IFRS⁴¹ agus ráitis airgeadais grúpa, go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais, feidhmiú airgeadais agus sreabhadh airgid na cuideachta nó an ghrúpa atá i gceist.

Ionas go mbeadh léargas fíorcheart ó ráitis airgeadais, bheifí ag súil:

- go ndearnadh iad a ullmhú de réir pholasaithe cuntasafóchta atá oiriúnach i bhfianaise chúinsí na cuideachta;
- gur baineadh leas as breithiúnas maidir le luacháil, nochtadh agus ábhar trínar féachadh le léargas fíorcheart a thabhairt;
- go rabhthas stuama maidir le hábhar breithiúnais sna ráitis airgeadais a mheas, go háirithe sa chás go mbeadh éiginnteacht i gceist, agus
- gur cinntíodh go léirítear sna ráitis airgeadais gnéithe na tráchtála maidir le hidirbhearta, agus nach í an fhoirm dlíthiúil amháin.

2.6.5 An dualgas ráitis airgeadais reachtúla a chur á n-iniúchadh⁴²

Tá dlíte ar stiúrthóirí cuideachta a shocrú go ndéanann iniúchóir reachtúil ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta a iniúchadh, mura bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus gurb é rogha na cuideachta leas a bhaint as an díolúine sin⁴³. Is scrúdú neamhspleách atá san iniúchóireacht a dhéanann saineolaí neamhspleách (an t-iniúchóir) ar na ráitis airgeadais. Ar iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, ní mór don iniúchóir tuairisc a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta. Ní mór don iniúchóir, sa tuairisc sin, a theacht ar bhreith faoi chúrsaí áirithe, ina measc e.g. an dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais⁴⁴ agus an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasafóchta is bun leo. Pléitear go mion le hábhar thuairisc an iniúchóra i Leabhrán Eolais 5 – An tIniúchóir. Is féidir díolúine a thabhairt do chuideachtaí áirithe óna gcuid ráitis airgeadais reachtúla a chur á n-iniúchadh ar chuntar go sásaíonn an chuideachta coinníollacha áirithe⁴⁵. Leagtar amach na critéir atá le sásamh i Leabhrán Eolais 1 (roinn 2.10.3).

³⁷ Alt 330 Acht na gCuideachtaí.

³⁸ Alt 274(2) Acht na gCuideachtaí.

³⁹ Alt 291 Acht na gCuideachtaí.

⁴⁰ Alt 294 Acht na gCuideachtaí.

⁴¹ Ciallaíonn IFRS Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairiscíú Airgeadais (International Financial Reporting Standards).

⁴² Alt 333 Acht na gCuideachtaí.

⁴³ Alt 360 Acht na gCuideachtaí.

⁴⁴ Alt 336(3) Acht na gCuideachtaí.

⁴⁵ Alt 360 Acht na gCuideachtaí.



2.6.6 Dualgas ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamh-Airgeadais a Dhíspreagadh⁴⁶

Éilítear ar chuideachtaí, grúpaí agus gnóthais mhóra ⁴⁷ faisnéis neamh-airgeadais a nochtadh agus a fhoilsiú, gach bliain airgeadais, i gcuid áirithe de thuarascáil na stiúrthóirí nó i ráiteas ar leithligh. Is é an fhaisnéis atá de dhíth ná na beartais a chuireann an chuideachta i bhfeidhm maidir le: cosaint an chomhshaoil, freagracht shóisialta agus cóireáil fostaithe, meas ar chearta an duine, breabaireacht agus frith-éilliú.

Ina theannta sin, tá sé de cheangal ar chuideachta mhór thrádáilte faisnéis a nochtadh ina Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ⁴⁸ maidir le héagsúlacht ar a mbord (i dtéarmaí aois, inscne, oideachas agus cúlra gairmiúla).

Is cion é teip an ceanglas faisnéis neamhairgeadais a nochtadh a chomhlíonadh agus dlífead ar duine ar bith a bhfaightear ciontach é a chiontú go hachomair fíneáil aicme A nó príosúnacht nach mó ná 6 mhí, nó iad araon.

2.6.7 Dualgas Cláir Áirithe agus Doiciméid eile a Choimeád

Éilítear ar gach chuideachta faoi Acht na gCuideachtaí cláir áirithe agus doiciméid eile a choimeád. Tá de fhreagracht ar stiúrthóirí cuideachta a chinntiú go gcomhlíonann cuideachtaí na dualgais ina leith sin agus, dá réir sin, tá de fhreagracht ar na stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar na taifid a choimeád, a leasú de réir mar is cuí agus a chur ar fáil do na páirtithe cuí.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go ndéanann an chuideachta na cláir seo a leanas agus doiciméid eile a choimeád:

- clár na gcomhaltaí⁴⁹;
- clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe⁵⁰;
- clár leasa na stiúrthóirí agus na rúnaithe⁵¹;
- clár na mbintíurach⁵²;
- leabhair miontuairiscí⁵³;
- conarthaí seirbhíse na stiúrthóirí⁵⁴;
- conarthaí maidir le scaireanna sa chuideachta féin a cheannach⁵⁵;
- clár maidir le héadail dhaoine aonair agus ghrúpaí ar scaireanna⁵⁶ (an CPT amháin).

Ba chóir don stiúrthóir roinn 2.10.4 i Leabhrán Eolais 1 a cheadú mar a leagtar amach go mion an t-eolas is gá a thabhairt san áireamh leis na cláir seo.

2.6.8 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhadú le Cláraitheoir na gCuideachtaí

Leagtar de dhualgas ar stiúrthóirí cuideachta faoin dlí a dheimhniú go ndéantar doiciméid áirithe a chomhadú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Tá doiciméid faoi leith nach mór don uile chuideachta iad a chomhadú gach bliain e.g. an tuariscéan bliantúil agus tá doiciméid eile nach gá iad a chomhadú ach amháin i gcásanna áirithe.

⁴⁶ Treoir 2014/95/AE curtha i bhfeidhm in Éirinn ag I.R. Uimh. 360 de 2017 arna leasú ag I.R. Uimh. 410 de 2018.

⁴⁷ Alt 280H d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuireann caibidil nua 1A isteach).

⁴⁸ Alt 1373 Acht na gCuideachtaí (mar a leasaigh Alt 82 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

⁴⁹ Alt 169 Acht na gCuideachtaí.

⁵⁰ Alt 149 Acht na gCuideachtaí.

⁵¹ Alt 267 Acht na gCuideachtaí.

⁵² Alt 1121 Acht na gCuideachtaí.

⁵³ Alt 199 Acht na gCuideachtaí.

⁵⁴ Alt 154 Acht na gCuideachtaí.

⁵⁵ Alt 112 Acht na gCuideachtaí.

⁵⁶ Alt 1061 Acht na gCuideachtaí.



Ó dhéantar iad seo a chomhadú leis an gCláraitheoir, is doiciméid phoiblí atá iontu agus iad ar fáil lena scrúdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag duine ar bith den phobal. Leagtar amach thíos liosta de na doiciméid is coitianta is gá a chlárú leis an gCláraitheoir.

- Tuairisceán Bliantúil⁵⁷;
- Athrú maidir leis an oifig chláráithe⁵⁸;
- Fógra faoin scairchaipiteal a athrú nó a ardú⁵⁹;
- Fógra faoin gcaipiteal ainmniúil (údaraithe) a ardú⁶⁰;
- Athrú maidir le stiúrthóir agus/nó rúnaí nó maidir le sonraí ina leith⁶¹;
- Fógra go bhfuil údarás tugtha do dhuine ceangal a chur ar an gcuideachta⁶²;
- Fógra sa chás gur chlis cuideachta an fhoirm fhorordaithe a sheoladh chuig an gCláraitheoir gur scoir duine ó bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí⁶³;
- Dáta nua don tuairisceán bliantúil a ainmniú⁶⁴;
- Fógra faoi mhorgáiste nó muirear a chruthú⁶⁵;
- Meabhrán maidir le muirear a ghlanadh⁶⁶;
- Gnáthruin agus rúin speisialta agus comhaontuithe⁶⁷ (Féach Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí);

Áirítear gur athrú i measc na stiúrthóirí go ndéanfaí stiúrthóir a dhícháiliú faoin dlí i stát eile⁶⁸. Ní mór don chuideachta a chur in iúl don Chláraitheoir cén dlínse ina ndearnadh an stiúrthóir a dhícháiliú, an dáta a ndearnadh sin agus an tréimhse ama atá i gceist leis an dícháiliúchán.

2.6.9 Dualgas maidir le Nochtadh

Tá dlite ar stiúrthóirí an t-eolas seo a leanas a fhoilsiú:

- eolas pearsanta áirithe i gclár na stiúrthóirí agus na rúnaithe. Is é an t-eolas nach mór a chur in iúl, ainm, dáta breithe, seoladh, náisiúntacht, slí bheatha agus sonraí faoi aon stiúrthóireacht eile⁶⁹;
- leasa i scaireanna na cuideachta nó i gcuideachtaí gaolmhara i gclár leasa na stiúrthóirí⁷⁰;
- dualgas stiúrthóra íocaíochtaí i ndáil le haistriú scaireanna a chur in iúl⁷¹;
- ní mór cóipeanna de chonarthaí seirbhíse na stiúrthóirí agus cóipeanna de gach meabhrán chonradh seirbhíse agus aon athrú ina leith sin a bheith ar fáil lena scrúdú⁷²;
- sa chás go mbíonn leas díreach nó indíreach ag stiúrthóirí i gconradh nó i gconradh beartaithe leis an gcuideachta, tá dlite orthu cineál an leasa sin a chur in iúl ag cruinniú de stiúrthóirí na cuideachta⁷³.

⁵⁷ Alt 343 (2) Acht na gCuideachtaí.

⁵⁸ Alt 50 Acht na gCuideachtaí.

⁵⁹ Alt 92 & 93 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁰ Alt 116 Acht na gCuideachtaí.

⁶¹ Alt 149(8) Acht na gCuideachtaí.

⁶² Alt 39(1) Acht na gCuideachtaí.

⁶³ Alt 152 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁴ Alt 346 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁵ Altanna 409 and 413 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁶ Alt 416 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁷ Alt 198 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁸ Alt 150 Acht na gCuideachtaí.

⁶⁹ Alt 149(3) Acht na gCuideachtaí.

⁷⁰ Alt 261-264 Acht na gCuideachtaí.

⁷¹ Alt 253 Acht na gCuideachtaí.

⁷² Alt 154 Acht na gCuideachtaí.

⁷³ Alt 231 Acht na gCuideachtaí.



2.6.10 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól

Déantar foráil faoi dhlí na gcuideachtaí do dhá chineál cruinnithe, eadhon, an Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus an Cruinniú Ginearálta Urghnách. Is cruinniú de chomhaltaí agus de stiúrthóirí na cuideachta ag a ndéantar gnó áirithe de chuid na cuideachta an cruinniú ginearálta.

Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)⁷⁴

Go ginearálta, tá dlite ar chuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól gach bliain agus níor cheart go gcaithfí níos mó ná 15 mí idir cruinnithe. Tá cuideachtaí áirithe (mar shampla “cuideachta aon chomhalta amháin”⁷⁵ agus an chuideachta TEO) ar féidir leo a shocrú nach dtionóltar CGB. I gcás cuideachta TEO⁷⁶ tá cead sin a shocrú sa chás go síníonn gach comhalta atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil ag an gcruinniú rún i scríbhinn chun na críche sin roimh an dáta deiridh maidir leis an gcruinniú a thionól.

Is sa Stát a thionólfar CGB go hiondúil mura dtoilíonn na comhaltaí ar fad atá i dteideal teacht i láthair agus vótáil lena thionól taobh amuigh den Stát⁷⁷. Ní mór fógra nach giorra ná 21 lá maidir le CGB a thionól⁷⁸.

Tá dlite ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais na cuideachta arna n-iniúchadh a leagan os comhair na gcomhaltaí ag gach CGB (nó ráitis airgeadais neamhiniúchta sa chás gur féidir leis an gcuideachta leas a bhaint as díolúine ó iniúcháireacht agus go bhfuil socraithe sin a dhéanamh). Ní mór freisin tuarascáil na stiúrthóirí a chur i gceangal leis na ráitis airgeadais a chuirtear faoi bhráid na gcomhaltaí ag an CGB (leagtar amach i roinn 2.6.3 thuas na nithe nach mór trácht orthu i dtuarascáil na stiúrthóirí).

Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU)⁷⁹

Cruinniú ginearálta urghnách a thugtar ar chruinniú ginearálta ar bith eile de chuid na cuideachta seachas an CGU. Is iondúil gur chun déileáil le gnó speisialta nó le cúrsaí taobh amuigh den ghnó a dhéantar de ghnáth ag an CGB a thionóltar CGU. Is féidir le stiúrthóirí cuideachta CGU a thionól tráth ar bith ar dóigh leo gur cuí sin a dhéanamh. Is féidir le comhalta nó le comhaltaí ag a bhfuil seilbh ar 50% nó níos mó ná sin de scairchaipiteal íoctha na cuideachta CGU a thionól freisin⁸⁰. Is féidir le comhaltaí ag a bhfuil seilbh 10% nó níos mó ná sin de scairchaipiteal íoctha na cuideachta a éileamh ar na stiúrthóirí CGB a thionól. Ní mór fógra nach giorra ná 7 lá⁸¹ maidir le CGU a thionól.

2.6.11 Idirbhearta substaintiúla neamhairgid a bhaineann le stiúrthóirí⁸²

Leagtar freagrachtaí agus dualgaisí áirithe ar stiúrthóirí nuair a dhéanann siad idirbheartaíocht leis an gcuideachta ar a bhfuiltear ina stiúrthóir. Sa chás go gceannaíonn nó go ndíolann, nó go bhfuil i gceist go gceannódh nó go ndíolfadh, stiúrthóir cuideachta nó stiúrthóir cuideachta sealbhaíochta cuideachta nó duine ag a bhfuil baint le stiúrthóir, sócmhainn nó sócmhainní neamhairgid ó chuideachta agus gur ionann luach na sócmhainne agus €5,000 nó os a chionn sin agus gur mó a luach ná:

- €65,000 nó
- 10% de “shócmhainní iomchuí” na cuideachta, rud a chiallaíonn na sócmhainní glan arna ríomh trí thagairt do na cuntais a ullmhaíodh agus a leagadh os comhair an CGB i ndáil leis an mbliain

⁷⁴ Alt 175 Acht na gCuideachtaí.

⁷⁵ Alt 196 Acht na gCuideachtaí.

⁷⁶ Alt 175(3) Acht na gCuideachtaí.

⁷⁷ Alt 176 Acht na gCuideachtaí.

⁷⁸ Alt 181 Acht na gCuideachtaí.

⁷⁹ Alt 177 Acht na gCuideachtaí.

⁸⁰ Alt 178 Acht na gCuideachtaí.

⁸¹ Alt 181 Acht na gCuideachtaí.

⁸² Alt 238 Acht na gCuideachtaí.



airgeadais dheireanach a ndearnadh cuntais a leagan os comhair CGB ar an gcaoi sin (nó an scairchaipítíl ghlaioite sa chás nár tharla cuntais a ullmhú ná a leagan os comhair cruinnithe).

Ní mór an socrú a aontú ar dtús trí rún de chuid na cuideachta a rith ag cruinniú ginearálta. Sa chás go bhfuil an stiúrthóir nó an duine bainteach ina stiúrthóir ar an gcuideachta sealbhaíochta nó ina dhuine nó ina duine a bhaineann le stiúrthóir den sórt sin, ní mór an socrú a aontú ar dtús trí rún a rith ag cruinniú ginearálta de chuid na cuideachta sealbhaíochta.

Sa chás go ndéanann cuideachta idirbheartaíocht atá ina shárú ar an bhforáil seo, tá an socrú le cur ar neamhní ar thionscnamh na cuideachta mura bhfuil an chuideachta slánaithe⁸³ i leith aon chailteanas a thagann dá bharr agus go dtugann an stiúrthóir cuntas don chuideachta i ndáil le haon ghnóthachtáil a dhéantar go díreach nó go hindíreach.

Níl feidhm leis an toirmeasc i ndáil le haon socrú maidir le sócmhainn neamhairgid a fháil⁸⁴ más rud é:

- go bhfaigheann cuideachta sealbhaíochta í ó aon fhochuideachta a bhfuil lánúinéireacht aici uirthi; nó
- go bhfaigheann fochuideachta í ó chuideachta sealbhaíochta ag a bhfuil lánúinéireacht ar an bhfochuideachta; nó
- go bhfaigheann fochuideachta í ó fhochuideachta eile agus lánúinéireacht ar an dá fhochuideachta ag an gcuideachta sealbhaíochta amháin; nó
- go bhfaigheann duine í atá ina chomhalta den chuideachta agus go ndéantar an socrú i gcáil chomhalta den sórt sin; nó
- gur cuideachta a bhfuil foirceannadh á dhéanamh uirthi a dhéanann an socrú (gan foirceannadh deonach comhaltaí a thabhairt san áireamh); nó
- gur socrú atá i gceist a bhaineann le glacadóir sócmhainní cuideachta a dhiúscairt.

2.6.12 Iasachtaí le daoine bainteacha

Tá toirmisce go ginearálta ar chuideachta:

- iasacht nó samhailiasacht a thabhairt do stiúrthóir de chuid na cuideachta nó do dhuine an bhaineann le stiúrthóir den sórt sin;
- idirbheart creidmheasa a dhéanamh mar chreidiúnaí ar son stiúrthóir den sórt sin nó ar son duine a bhaineann le stiúrthóir den sórt sin;
- ráthaíocht a thabhairt nó urrús ar bith a sholáthar i ndáil le hiasacht, samhailiasacht nó idirbheart creidmheasa a dhéanann aon duine eile ar son ar son stiúrthóir den sórt sin nó ar son duine a bhaineann le stiúrthóir den sórt sin;
- socrú go sannófaí chuici aon cheart, dualgas nó dliteanas trí idirbheart a bheadh, dá ndéanfadh an chuideachta é, ina shárú ar aon ní acu sin thuas⁸⁵.

Tagann an riail ghinearálta seo faoi réir cásanna áirithe eisceachta mar seo a leanas:

- nach mó luach an tsocraithe ná 10% de shócmhainní iomchuí na cuideachta⁸⁶ (mínítear “sócmhainní iomchuí” in alt 2.6.10 thuas); nó
- gur i gcomhréir leis an “NGnás Ceadaithe Achomair”⁸⁷ i leith an idirbhirt a rinne an chuideachta an socrú; nó

⁸³ Alt 232 Acht na gCuideachtaí.

⁸⁴ Alt 238 Acht na gCuideachtaí.

⁸⁵ Alt 239 Acht na gCuideachtaí.

⁸⁶ Alt 238(2) Acht na gCuideachtaí.

⁸⁷ Alt 202 Acht na gCuideachtaí (Ciallaíonn Gnás Ceadaithe Achomair an nós imeachta trína dtugtar údarás an bheartaíocht shrianta a dhéanamh le rún speisialta de chuid na cuideachta agus dearbhú reachtúil ó na stiúrthóirí ag gabháil leis).

- gur idirbheart idirghrúpa⁸⁸ an t-idirbheart (eadhon, idirbheart le cuideachta sealbhaíochta, le fochuideachta nó le fochuideachta de chuid chuideachta sealbhaíochta na cuideachta); nó
- speansais stiúrthóirí a ndeachthas ina gcostas
 - le bonn cirt chun críocha na cuideachta; nó
 - chun cumasú an stiúrthóir a chuid dualgais a chomhlíonadh⁸⁹.

Sa chás go ndéanann cuideachta socrú de shárú ar an bhforáil seo, tá an socrú inchurtha ar neamhní de thionscnamh na cuideachta mura dtugtar cúiteamh don chuideachta nó mura ndéantar an socrú a dheimhniú trí rún de chuid na cuideachta ag cruinniú ginearálta nó go n-éiríonn na cearta a fuarthas *bona fide*⁹⁰.

Dlíteanas pearsanta

Sa chás go bhfuil cuideachta á foirceannadh agus gan é d'acmhainn aici a cuid fiacha a íoc agus gurb é breith na Cúirte go raibh an socrú (iasacht nó ráthaíocht) ina chionchúis go hábhartha le neamhábaltacht na cuideachta a cuid fiacha a íoc, is féidir leis an gCúirt a dhearbhu go bhfuil aon duine a raibh tairbhe aige ón socrú faoi dhlíteanas pearsanta, gan teorainn dliteanais, maidir le fiacha agus dliteanais eile na cuideachta nó cibé cuid díobh a shonraíonn an Chúirt⁹¹.

Cion

Sa chás go ndéanann an chuideachta idirbheart nó socrú atá ina shárú ar Alt 239 Acht na gCuideachtaí, beidh aon oifigeach de chuid na cuideachta atá ag mainneachtain ciontach i gcion d'aicme 2⁹².

2.6.13 Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí faoi Leachtú agus Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha

Tá dualgais agus freagrachtaí áirithe ar stiúrthóirí sa chás go bhfuil an chuideachta ar a bhfuiltear ina stiúrthóir:

- dócmhainneach i.e. nach bhfuiltear in acmhainn fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite; nó
- faoi leachtú (i.e. á díscáileadh faoin dlí).

Dualgais Stiúrthóirí Cuideachtaí Dócmhainneacha

Is féidir stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach a chur faoi dhlíteanas pearsanta (gan teorainn leis an dlíteanas) i leith fhiacha an cuideachta má bhreithnítear dlíteanas ar an stiúrthóir maidir le trádáil mheargánta nó chalaoiseach⁹³. Measfar go raibh oifighigh cuideachta ciontach i dtrádáil mheargánta nó chalaoiseach sa chás:

- go raibh páirt acu i ngnó a sheoladh ar chóir go dtuigfidís, le haird ar an eolas ginearálta, an scil agus an taithí atá acu, go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le cailteanas ag creidiúnaithe na cuideachta, nó ag creidiúnaí ar bith acu; nó
- go raibh páirt acu i dtabhú féich ag an gcuideachta agus nár chreid siad go macánta ar fhorais réasúnacha go mbeadh an chuideachta in acmhainn an fiach a íoc de réir mar a bheadh dlite.

Is cion coiriúil freisin trádáil chalaoiseach agus is féidir fíneáil nó príosúnacht a ghearradh freisin ar an té a chiontaítear sa chion sin. Bíonn duine ciontach i dtrádáil chalaoiseach sa chás go mbítear go feasach ina bpáirtí i ngnó na cuideachta a sheoladh d'fhonn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta nó ar chreidiúnaithe aon duine eile⁹⁴.

⁸⁸ Alt 243 Acht na gCuideachtaí.

⁸⁹ Alt 244 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁰ Alt 246 Acht na gCuideachtaí.

⁹¹ Alt 247 Acht na gCuideachtaí.

⁹² Alt 248 Acht na gCuideachtaí.

⁹³ Alt 610-611 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁴ Alt 722 Acht na gCuideachtaí.



**Dualgas Stiúrthóirí Cuideachta a bhfuil foirceannadh deonach á dhéanamh uirthi**

Sa chás go bhfuil cuideachta á foirceannadh (i.e. faoi leachtú), tá de dhualgas ar stiúrthóirí na cuideachta comhoibriú leis an leachtaitheoir (an té a cheaptar chun an chuideachta a leachtú – pléitear go mion le leachtaitheoirí agus le foirceannadh i Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir).

Má thugtar chun aire go ndearna stiúrthóir ar chuideachta atá á foirceannadh mifheidhm a bhaint as airgead nó as maoin de chuid na cuideachta, nó sin a choinneáil go héagórach, nó go bhfuiltear faoi dhliteanas nó freagrach ina leith nó go ndearnadh údarás dleathach an stiúrthóra a fheidhmiú go míchuí nó an dualgas muiníne i leith na cuideachta a shárú, is féidir imeachtaí a thionscnamh i ndáil le haisghabháil ar airgead nó ar mhaoin den sórt sin a cailleadh nó lena luach a chúiteamh⁹⁵.

Foirceannadh Deonach Comhaltaí⁹⁶

Sa chás go bhfuil beartaithe foirceannadh deonach comhaltaí a dhéanamh ar chuideachta, tá de dhualgas ar na stiúrthóirí dearbhú sócmhainneachta⁹⁷ cruinn a dhéanamh agus tús a chur leis an bhfoirceannadh de réir an Ghnás Ceadaithe Achomair⁹⁸. Ní mór suim iomlán shócmhainní agus dhliteanas na cuideachta (le trí mhí anuas) a lua sa dearbhú agus go ndearna na dearbhóirí (stiúrthóirí) fiosrú iomlán ar ghnóthaí na cuideachta agus go bhfuil siadsan den tuairim go mbeidh ar acmhainn na cuideachta na fiacha agus na dliteanas eile a íoc in imeacht tréimhse 12 mí.

Tá modh eile d'fhoirceannadh deonach comhaltaí seachas “nós imeachta achomair ceadaithe” is féidir a thapú i ndáil le “cuideachtaí fad teoranta” nó “cuideachtaí críche sonraí” trína gceadaítear do chuideachtaí tús a chur leis an bpróiseas de réir Alt 580 Acht na gCuideachtaí.

Sa chás go ndéanann stiúrthóir cuideachta dearbhú gan foras réasúnach leis an tuairim i ndáil le sócmhainneacht, is féidir leis an gcúirt a dhearbú go mbeidh an stiúrthóir freagrach go pearsanta, gan aon teorainn leis an dliteanas, as iomlán fhiacha nó dhliteanas eile na cuideachta nó as aon chuid faoi leith díobh⁹⁹.

Foirceannadh deonach creidiúnaithe¹⁰⁰

Is féidir le cuideachta foirceannadh deonach creidiúnaithe a thionscnamh trína aontú nach féidir leanacht den ghnó mar gheall ar na dliteanas. Ní foláir foirceannadh den chineál seo a dhéanamh de réir altanna 585 go dtí 588 in Acht na gCuideachtaí. Sa chás go ndéanann stiúrthóirí na cuideachta mainneachtain i ndáil le ráiteas iomlán faoi ghnóthaí na cuideachta maille le liosta creidiúnaithe a leagan os comhair chruinniú na gcreidiúnaithe, d'fhéadfadh na stiúrthóirí a bheith ciontach i gcion d'aicme³¹⁰¹ agus d'fhéadfaí ar a gciontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000¹⁰² nó 6 mhí príosúnachta, nó an dá rud, a ghearradh orthu. Anuas air sin, ní foláir do na stiúrthóirí cruinniú creidiúnaithe a thionól agus a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis chuí ar fáil do na creidiúnaithe. Beidh aon oifigeach a dhéanann mainneachtain i ndáil leis na coinníollacha sin ciontach i gcion d'aicme³¹⁰³.

⁹⁵ Altanna 612 & 613 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁶ Altanna 578-580 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁷ Alt 207 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁸ Alt 202 Acht na gCuideachtaí.

⁹⁹ Alt 210 Acht na gCuideachtaí.

¹⁰⁰ Altanna 585-588 Acht na gCuideachtaí.

¹⁰¹ Alt 587(11) Acht na gCuideachtaí.

¹⁰² Ciallaíonn fíneáil d'Aicme A fíneáil nach mó ná €5,000 (Alt 3 An tAcht Fíneálacha 2010).

¹⁰³ Alt 587(10) Acht na gCuideachtaí.



2.7 Cumhachtaí Stiúrthóirí Cuideachta

Feidhmíonn stiúrthóirí cuideachta thar ceann na cuideachta. Níl de chumhacht acu a dhéanamh ach mar atá an chuideachta féin i dteideal a dhéanamh faoin dlí. Is é a leagtar de chumhacht ar stiúrthóirí a leagann an chuideachta de chumhacht orthu faoi Chuid 4, Caibidil 4 d'Acht na gCuideachtaí, chomh maith le haon chumhacht shonrach eile a leagtar amach i mbunreacht na cuideachta.

Is é an gnáthrud go leagtar cumhachtaí ar na stiúrthóirí i dteannta a chéile. Déantar na cumhachtaí sin a fheidhmiú go foirmeálta trí rún a rith ag cruinniú boird, le tromlach vótaí go hiondúil¹⁰⁴. Tá dlíte ar chuideachta miontuairiscí a choimeád ar imeachtaí chruinnithe na stiúrthóirí. Is iondúil go bhforáiltear trí bhunreacht na cuideachta agus trí Chaibidil 4, Cuid 4 d'Acht na gCuideachtaí ar a dtógáil le chéile gur féidir leis na stiúrthóirí cumhachtaí uile na cuideachta a oibriú nach n-éilítear faoi Acht na gCuideachtaí nó faoin mbunreacht gur tríd an gcuideachta ag cruinniú ginearálta (i.e. ag cruinniú de na comhaltaí) a oibrítear iad. I gcásanna den sórt sin, níl srianadh leis an tarmligean leis na stiúrthóirí agus tá siad i dteideal aon ní a dhéanamh a bhfuil de chumhacht ag an gcuideachta é a dhéanamh.

Ní féidir le cuideachta ag cruinniú ginearálta beart a rinne na stiúrthóirí a chur ar ceal go bailí más beart é a thagann faoi scáth na gcumhachtaí a leagtar orthu faoin mbunreacht. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir le cuideachta ag cruinniú ginearálta beart ar bith a dhéanamh atá tarmligthe leis na stiúrthóirí de bhua na bunreachta.

Anuas ar na cumhachtaí atá tarmligthe le stiúrthóir ag an mbord, is féidir go mbeadh 'údarás súl' ag stiúrthóir, eadhon, sa chás go gcuireann cuideachta in iúl go bhfuil d'údarás ag stiúrthóir ní a dhéanamh nó go gcuirtear i gcéill do pháirtí eile go bhfuil d'údarás ag stiúrthóir gealladh a thabhairt go ndéanfaidh an chuideachta ar bhealach áirithe agus nach ndéantar iarracht ar bith an dearcadh sin a chruthaítear a cheartú, d'fhéadfadh cosc a bheith ar an gcuideachta an t-údarás sin a shéanadh tráth is faide anonn.

Sa chás gur ceapadh bainisteoir stiúrtha, bíonn a leagann stiúrthóirí na cuideachta orthu de chumhacht aige nó aici. Agus cumhachtaí á leagan ar an mbainisteoir stiúrtha ag stiúrthóirí, ba chóir a leagan amach go soiléir cén chumhacht atá á leagan ar an mbainisteoir stiúrtha amháin agus cén chumhacht is féidir leis na stiúrthóirí agus leis an mbainisteoir stiúrtha araon a fheidhmiú i gcomhthráth lena chéile¹⁰⁵.

¹⁰⁴ Alt 166 Acht na gCuideachtaí.

¹⁰⁵ Alt 159 Acht na gCuideachtaí.



3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

Pionóis arna bhforcur ag Cúirt

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtríailtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, mar shampla, os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbríonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A¹⁰⁶ nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bhliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thairfeadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas¹⁰⁷.

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht¹⁰⁸ – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)¹⁰⁹;

¹⁰⁶ Ciallaíonn “fíneáil d'aicme A”, tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha 2010).

¹⁰⁷ Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

¹⁰⁸ Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.

¹⁰⁹ Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.

- An Treoir maidir le Réamheolaire¹¹⁰ – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire¹¹¹;
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh¹¹² – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh¹¹³.

3.2 Pionóis Shibhialta

Dícháiliúchán

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirimíú nó bainistíocht aon chuideachta¹¹⁴.

Is féidir duine a dhícháiliú de trí

- Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó
- Glacadh le Gealltanas Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanas dícháiliúcháin forordaithe agus a shíniú.

Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa¹¹⁵

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaítear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe¹¹⁶.

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhortheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe¹¹⁷, ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286);
- ciontacht i mainneachtainí go rómhínic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chialaoiseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

¹¹⁰ Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.

¹¹¹ Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.

¹¹² Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 – I.R. Uimh. 342 de 2005.

¹¹³ Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.

¹¹⁴ Alt 838 Acht na gCuideachtaí.

¹¹⁵ Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

¹¹⁶ Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.

¹¹⁷ Alt 842 Acht na gCuideachtaí.





Gealltanais Dícháiliúcháin¹¹⁸

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d'Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine¹¹⁹. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do “ghealltanais dícháiliúcháin” agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe¹²⁰.

Srianadh

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta¹²¹ le cuideachtaí dócmhainneacha, mar shampla, cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh¹²² de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfheidmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

Gealltanais maidir le Srianadh¹²³

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin “ngealltanais maidir le srianadh” chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu¹²⁴.

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirimiú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaidh¹²⁵. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaidh, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

¹¹⁸ Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

¹¹⁹ Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁰ Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

¹²¹ Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

¹²² Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

¹²³ Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁴ Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁵ Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.



Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2¹²⁶.

Cuideachta a Bhaint den Chlár¹²⁷

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt¹²⁸; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhad a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dliteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú¹²⁹ amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscáileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrach mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – www.cro.ie

¹²⁶ Alt 855 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁷ Alt 725 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁸ Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

¹²⁹ Alt 734 Acht na gCuideachtaí.



Aguisín A

Stiúrthóir Cuideachta a Cheapadh agus a Chur as Oifig agus Gnóthaí Gaolmhara

Stiúrthóir a Cheapadh¹³⁰

Is stiúrthóir nó stiúrthóirí tosaigh na cuideachta an duine nó na daoine a ainmníonn na sínitheoirí sa ráiteas¹³¹ a ghabhann leis an mbunreacht ar a thabhairt le clárú do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Déantar gach stiúrthóir ina dhiaidh sin a cheapadh ina stiúrthóir faoi leith de réir na rialacha agus an nós imeachta a leagtar amach in altanna 144 agus 145 Acht na gCuideachtaí agus aon athrú orthu sin i mbunreacht na cuideachta. Sa chás nach bhfuil glactha ag an gcuideachta le rialacha faoi leith, éireoidh na stiúrthóirí as oifig ar a seal ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Ní mór do gach stiúrthóir toiliú¹³² leis an gceapachán agus ráiteas a shíniú arna rá:

“Adhmaim go bhfuil dualgais agus oibleagáidí orm faoin dlí, i mo stiúrthóir dom, a fhorchuirtear faoi Acht na gCuideachtaí, reachtaíocht eile agus faoin dlí coiteann.”

Sa chás go bhfaigheann stiúrthóir bás nó go n-éiríonn stiúrthóir as oifig, is iondúil go dtugtar de chumhacht don bhord stiúrtha faoin mbunreacht folúntas den sórt sin a líonadh go dtí go dtarlaíonn an chéad chruinniú ginearálta eile de chuid na cuideachta nuair is féidir an té a cheaptar ar an gcaoi sin a atoghadh.

Stiúrthóir a Chur as Oifig¹³³

Is féidir le comhaltaí na cuideachta trí ghnáthrún a rith, stiúrthóir a chur as oifig. Ina ainneoin sin, ní féidir stiúrthóir atá in oifig ar feadh a shaoil nó a saoil, de réir mar a leagtar amach i mbunreacht na cuideachta, a chur as oifig ach amháin tríd an nós imeachta cuí a leanacht maidir leis an mbunreacht a leasú.

Sa chás go moltar rún chun stiúrthóir a chur as oifig, ní mór fógra 28 lá a thabhairt don chuideachta, don stiúrthóir lena mbaineann agus do na comhaltaí, mura bhforáiltear dá mhalairt sa bhunreacht. Is féidir leis an stiúrthóir lena mbaineann uirill i scríbhinn a dhéanamh faoin rún leis an gcuideachta agus a iarraidh go ndéantar na huirill a thabhairt do na comhaltaí. Tá an stiúrthóir freisin i dteideal éisteacht a fháil maidir leis an rún ag an gcruinniú. Ní féidir cúiteamh ná damáistí a mbeidís ina dteideal, mar shampla, faoi chonradh fostaíochta, a shéanadh ar stiúrthóirí a chuirtear as oifig.

Luach Saothair Stiúrthóirí¹³⁴

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí go bhfuil de cheart ag stiúrthóirí luach saothair a fháil agus cúiteamh maidir le costais a thabhaítear agus, mura luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta, tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm. Is é bord na stiúrthóirí a shocraíonn luach saothair na stiúrthóirí a fhabhraíonn ó lá go lá agus is féidir freisin gach costas taisitil agus costas eile a aisíoc a dtéann stiúrthóirí iontu le bonn cirt ag freastal ar chruinnithe agus ag fillleadh ó chruinnithe nó ar bhealach eile i ndáil le gnó na cuideachta. Tá sé mídhleathach ag cuideachta luach saothair stiúrthóra a íoc saor ó cháin ioncaim¹³⁵.

¹³⁰ Alt 144 Acht na gCuideachtaí.

¹³¹ Altanna 22 & 144(2) Acht na gCuideachtaí.

¹³² Altanna 144(1) & 223 Acht na gCuideachtaí.

¹³³ Alt 146 Acht na gCuideachtaí.

¹³⁴ Alt 155 Acht na gCuideachtaí.

¹³⁵ Alt 156 Acht na gCuideachtaí.



An Coinníoll go mbeadh Cónaí ar Stiúrthóir Amháin sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)¹³⁶

Ach amháin i gcásanna teoranta eisceachta, ní mór cónaí¹³⁷ a bheith ar dhuine amháin ar a laghad de stiúrthóirí na cuideachta san LEE. Ní bhaineann an riail seo le cuideachta ag a bhfuil banna dar luach €25,000. Is é cuspóir atá leis an mbanna soláthar a dhéanamh d'íoc aon fhíneáil a ghearrfaí ar an gcuideachta faoi Acht na gCuideachtaí nó fhíneálacha agus phionóis eile a ghearrfaí faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ceadáítear díolúine sa chás go dtugann Cláraitheoir na gCuideachtaí deimhniú¹³⁸ arna áiteamh go bhfuil ceangal dáiríre seasmhach ag an gcuideachta le beartaíocht eacnamaíochta nó réimse beartaíochta den chineál sin atá ar bun sa Stát. Tá breis eolais faoi bhannaí ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Teorainn le Líon Stiúrthóireachtaí¹³⁹

Ní cheadáítear do dhuine a bheith ina stiúrthóir nó ina chúlstiúrthóir ar líon is mó ná 25 cuideachta ag aon tráth amháin. Ina ainneoin sin, agus líon na gcuideachtaí a bhfuil an té atá i gceist ina stiúrthóir orthu á ríomh, ní thugtar san áireamh cuideachtaí a bhfuil deimhnithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí ina leith go bhfuil ceangal dáiríre seasmhach acu le beartaíocht eacnamaíochta atá á sheoladh sa Stát, ná cuideachtaí teoranta poiblí ná cuideachtaí poiblí eile. Tá roinnt cineálacha eile cuideachtaí, mar shampla cuideachtaí atá liostaithe ar an Stocmhalartán, cuideachtaí infheistíochta agus cuideachtaí áirithe baincúireachta nach n-áirítear ach oiread.

¹³⁶ Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

¹³⁷ Alt 141 Acht na gCuideachtaí.

¹³⁸ Alt 140 Acht na gCuideachtaí.

¹³⁹ Alt 142 Acht na gCuideachtaí.



Aguisín B

Srianadh agus Dícháiliúchán maidir le Stiúrthóirí Cuideachta

Réamhrá

Déantar foráil i gCuid 14 (Caibidlí 3 agus 5) d'Acht na gCuideachtaí do shrianadh agus dícháiliúchán a dhéanamh ar stiúrthóirí cuideachta (agus daoine eile) i gcásanna áirithe. Pionós tromchúiseach atá i srianadh nó i ndícháiliúchán agus bíonn torthaí tábhachtacha dá mbarr i gcás na stiúrthóirí. Pléitear go mion iad thíos.

Stiúrthóir a Shrianadh

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí nó cúlstiúrthóirí cuideachta le cuideachtaí dócmhainneacha¹⁴⁰ i.e. cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh¹⁴¹ de réir mar a bhíonn dlíte. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir le leachtaitheoir/glacadóir nó leis an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh ar ordú srianta in aghaidh stiúrthóir ar bith de chuid na cuideachta. Sa chás go dteipeann ar a leithéid de stiúrthóir a dheimhniú don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, is féidir srian¹⁴² a chur air nó uirthi go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

Gealltanais maidir le Srianadh¹⁴³

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin “ngealltanais maidir le srianadh” chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu¹⁴⁴.

Fágann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine a bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí, nó ó bheith bainteach le foirmiú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaith. Ní mór scairchaipiteal íoctha leithroinnte ag an gcuideachta dár luach ainmniúil nach lú ná:

- €500,000 i gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta) nó i gcás cuideachta poiblí neamhtheoranta; nó
- €100,000 i gcás cuideachta de chineál ar bith eile (cuideachta infheistíochta san áireamh). Sa chás go bhfuil stiúrthóir srianta ag cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, ní mór don chuideachta a lua sa bhunreacht go ndéanfaidh ar a laghad aon duine amháin de chomhaltaí na cuideachta suim nach lú ná €100,000 a chur leis na sócmhainní sa chás go mbeadh an chuideachta á foirceannadh.

Meastar gan níos mó cruthúnas, gur sháraigh duine a leanann mar stiúrthóir tar éis srianadh gan an cuideachta bheith caipitlithe go leordhóthanach Acht na gCuideachtaí, agus dícháileofar é/í go huathoibríoch mar stiúrthóir.

¹⁴⁰ Alt 819(6) Acht na gCuideachtaí.

¹⁴¹ Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴² Alt 819 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴³ Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴⁴ Alt 823 Acht na gCuideachtaí.



Tá ceangailte ar dhuine srianta fógra i scríbhinn faoin srianadh a thabhairt do chuideachta ar bith ag a bhfuiltear mar stiúrthóir agus sula nglactar le haon cheapachán nua¹⁴⁵.

Is féidir leis an gCúirt a ordú don duine srianta costas an iarratais maidir le srianadh a íoc chomh maith leis na costais agus speansais iomlána a thit ar an iarratasóir.

Dliteanas pearsanta¹⁴⁶

Sa chás go bhfuil cuideachta a cuireadh ar an eolas faoi stiúrthóir srianta a théann i mbun gnó gan an caipitliú nó an rannócaíocht is gá, agus go ndéantar tráth is faide anonn an chuideachta a fhoirceannadh í in acmhainn a cuid fiacha a íoc, is féidir leis an gCúirt a dhearbhu go mbeadh aon duine atá ina oifigeach de chuid na cuideachta faoi dhliteanas pearsanta gan teorainn maidir le fiacha na cuideachta.

Neamhfheidhm fhorálacha áirithe maidir le cuideachta le duine faoi shrianadh

Ní féidir le cuideachta le duine faoi shrianadh leas a bhaint as an nGnás Ceadaithe Achomair ach amháin i gcás foirceannadh deonach de chuid na gcomhaltai¹⁴⁷. Chomh maith leis sin, ní féidir le cuideachta le duine faoi shrianadh comhaontú a shocrú maidir le sócmhainní neamhairgid a aistriú¹⁴⁸ ach amháin sa chás go bhfuil coinníollacha áirithe¹⁴⁹ á sásamh.

Faoiseamh ó shrianadh¹⁵⁰

Ar iarratas ina leith sin ón duine faoi shrianadh, is féidir leis an gCúirt, má mheastar gur cóir agus gur cothrom, faoiseamh iomlán nó faoiseamh i bpáirt ón ordú srianta a thabhairt do dhuine faoi shrianadh.

Ní chuirfear duine faoi shrianadh¹⁵¹

Ní chuirfear duine faoi shrianadh maidir le feidhmiú mar stiúrthóir ar choinníoll gurb é breith na Cúirte go ndearna an té sin go macánta agus go cúramach i ndáil le gnóthaí na cuideachta agus gur comhoibríodh, ar sin a iarraidh, leis an leachtaitheoir maidir leis an bhfoirceannadh agus, nach bhfuil aon chúis chóir chothromasach le srianadh a chur i bhfeidhm.

An cion maidir le hordú srianta a shárú¹⁵²

Beidh an té is ábhar d'ordú srianta agus a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáilíocht atá coiscthe air nó uirthi ciontach i gcion d'aicme 2 agus déanfar a dhícháiliú nó a dícháiliú go ceann 10 mbliana nó cibé tréimhse eile a shocraíonn na cúirteanna.

Stiúrthóir a Dhícháiliú

Is féidir le cúirt duine a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóir. Is é toradh a bhíonn ar dhícháiliúchán go mbíonn an té atá i gceist dícháilithe ó fheidhmiú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach ar bhealach ar bith le tionscnamh, foirimiú nó bainistíocht aon chuideachta go ceann tréimhse cúig bhliana nó cibé tréimhse eile a threoraíonn an Chúirt.

¹⁴⁵ Alt 825 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴⁶ Alt 836 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴⁷ Alt 827 Acht na gCuideachtaí.

¹⁴⁸ Ciallaíonn sócmhainn neamhairgid maoin nó leas as maoin seachas airgead (airgeadra iasachta san áireamh).

¹⁴⁹ Alt 828(3) Acht na gCuideachtaí.

¹⁵⁰ Alt 822 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵¹ Alt 819(2) Acht na gCuideachtaí.

¹⁵² Alt 855 Acht na gCuideachtaí.



An cion maidir le hordú dícháiliúcháin a shárú

Beidh an té a n-eisítear ordú dícháiliúcháin ina leith agus a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil a bhfuil cosc air nó uirthi a dhéanamh ciontach i gcion d'aicme 2 agus cuirfear síneadh leis an dícháiliúchán go ceann tréimhse 10 mbliana nó cibé tréimhse eile a shocraíonn an Chúirt.

Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa¹⁵³

Déantar duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaítear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Measfar chomh maith i gcás duine ar bith atá dícháilithe faoin dlí i Stát eile óna cheapadh nó a ceapadh nó ó ghníomhú ina stiúrthóir nó ina rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó ar ghnóthas agus a chliseann fógra a thabhairt don Chláraitheoir i ráiteas faoin dícháiliúchán mar atá dlite nó fógra faoin athrú i measc na stiúrthóirí a thabhairt mar atá dlite, go bhfuil an duine sin dícháilithe¹⁵⁴.

Ordú Dícháiliúcháin Lánroghnach¹⁵⁵

Is féidir leis an gCúirt ordú dícháiliúcháin a dhéanamh ar feadh cibé tréimhse is cuí léi sa chás go raibh duine, le linn feidhmíú mar stiúrthóir, tionscnóir, iniúchóir reachtúil, oifigeach, glacadóir, leachtaitheoir, nó scrúdaitheoir cuideachta, ciontach in aon cheann acu seo a leanas:

- calaois i ndáil leis an gcuideachta, leis na comhaltaí nó leis na creidiúnaithe;
- aon neamhchomhlíonadh dualgais i ndáil leis an gcuideachta;
- dhá chion nó líon is mó ná sin faoi Alt 286 (cionta maidir le taifid cuntasaíochta, etc.)

Tá de rogha ag an gcúirt chomh maith ordú den sórt sin a dhéanamh sa chás gurb é breith na cúirte gur cuí ordú dá shórt i gcás ar bith acu seo a leanas:

- gur deonaíodh dearbhú maidir leis an duine faoi Alt 610 d'Acht na gCuideachtaí (dliteanas sibhialta maidir le trádáil chalaioiseach nó mheargánta);
- go bhfágann a gcuid iompair neamhinniúil iad maidir le baint a bheith acu le bainistíocht cuideachta;
- gur léir ó thuaisc scrúdaitheora arna cheapadh ag an gCúirt go bhfuil an duine neamhinniúil maidir le páirt i mbainistíocht cuideachta;
- go nearna an duine mainneachtain go rialta faoi Acht na gCuideachtaí. Meastar mainneachtain rialta a bheith cruthaithe go dochloíte sa chás gur tharla mainneachtain trí huairé nó níos minice in imeacht na gcúig bhliana anuas go dtí seo¹⁵⁶;
- go raibh an duine ina stiúrthóir an tráth ar eisigh an Cláraitheoir fógra go raibh rún an chuideachta a bhaint de chlár na gcuideachtaí agus gur ligeadh an chuideachta a bhaint den chlár go neamhdheonach agus go bhfuil dliteanais ag an gcuideachta;
- go bhfuil an duine dícháilithe faoi dhlí Stáit eile agus gurb é breith na Cúirte gurbh chúí dícháiliú dá mba sa Stát seo a tharlódh an t-iompar ba bhun leis an dícháiliúchán.

¹⁵³ Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵⁴ Alt 841 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵⁵ Alt 842 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵⁶ Alt 843 Acht na gCuideachtaí.



Gealltanais maidir le Dícháiliúchán¹⁵⁷

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás gur tharla oilghníomhartha áirithe i ndáil le cuideachta) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d'Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do “ghealltanais dícháiliúcháin” agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe¹⁵⁸.

Sa chás go mbíonn duine srianta ina stiúrthóir ar chuideachta a dtosaítear ar a foirceannadh taobh istigh de cúig bhliana ó cuireadh tús leis an bhfoirceannadh ba chúis leis an sriantadh agus gur cosúil do leachtaitheoir na cuideachta nach bhfuil ar acmhainn na cuideachta a cuid fiach a íoc, is féidir leis an gCúirt, má mheastar gur chúí sin, an duine sin a dhícháiliú¹⁵⁹.

Faoiseamh ó dhícháiliúchán¹⁶⁰

Ar iarratas ina leith sin ón duine dícháilithe, is féidir leis an gCúirt, má mheastar gur cóir agus gur cothrom, faoiseamh iomlán nó faoiseamh i bpáirt ón ordú dícháiliúcháin a thabhairt do dhuine dícháilithe.

Toradh Sibhialta ar Fheidhmiú le linn bheith faoi Shrianadh nó Dícháilithe¹⁶¹

Is féidir duine ar bith atá ciontach i bhfeidhmiú ina stiúrthóir le linn bheith faoi shrianadh (ach amháin sna cásanna sin a cheadaítear faoin reachtaíocht) nó dícháilithe, a chur, de réir bhreith na cúirte, faoi dhliteanas pearsanta (gan teorainn leis an dliteanas) maidir le fiacha na cuideachta má tharlaíonn go mbíonn an chuideachta dócmhainneach le linn don duine srianta nó dícháilithe feidhmiú ina stiúrthóir nó taobh istigh de dhá mhí dhéag ón dáta ar fheidhmigh an té sin ina stiúrthóir.

Clár na nDaoine Srianta agus Clár na nDaoine Dícháilithe

Tá dlite ar Chláraitheoir na gCuideachtaí clár de na daoine srianta¹⁶² agus clár de na daoine dícháilithe¹⁶³ a choimeád. Má thugann an Chúirt ordú srianta nó dícháiliúcháin maidir le duine, tá dlite ar Chláraitheoir na Cúirte sin a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Tá na cláir sin ar fáil lena scrúdú ag duine ar bith den phobal agus déantar iad a choimeád in áitreabh an Chláraitheora agus ar an láithreán gréasáin, www.cro.ie.

Déanann an Stiúrthóir um Forfheidhmiú Corparáideach freisin na sonraí faoi orduithe srianta agus orduithe dícháiliúcháin a chuirtear in iúl don Oifig a fhoilsiú (seoladh: www.osfc.ie).

¹⁵⁷ Alt 850 Acht na gCuideachtaí.

¹⁵⁸ Alt 864 Acht na gCuideachtaí.


¹⁵⁹ Alt 848 Acht na gCuideachtaí.

¹⁶⁰ Alt 847 Acht na gCuideachtaí.

¹⁶¹ Alt 859 Acht na gCuideachtaí.

¹⁶² Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

¹⁶³ Alt 864 Acht na gCuideachtaí.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire
D01 W5C2

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*